



Provided by the author(s) and University College Dublin Library in accordance with publisher policies., Please cite the published version when available.

Title	Aistriúcháin ó Chorcaigh i lámhscríbhinní déanacha na Gaeilge
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	1999
Publication information	Poppe, E., Tristram, H.L.C. (eds.). Übersetzung, Adaptation und Akkulturation im insularen Mittelalter
Publisher	Nodus Publikationen
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9799

Downloaded 2019-06-19T23:23:39Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Aistriúcháin ó Chorcaigh i Lámhscríbhinní Déanacha na Gaeilge
Meidhbhín Ní Úrdail
Universität Cork

1. Réamhrá:

Áirítear an t-aistriúchán, mar *genre*, a bheith ina chuid thábhachtach de chorpus litríochta na Gaeilge fén deichiú aois. Bailíodh, oiriúnaíodh agus cuireadh le chéile abhar agus téamaí nua ó fhoinsí clasaiceacha sa tréimhse go dtí san agus do tháinig bláthú mór ar an obair seo anall go dtí an dara aois déag. Freagraíonn an fuadar chun aistriúcháin a chur ar fáil don fhorás a tháinig ar an dteangain féin nuair a tháinig an Mheán-Ghaeilge (900-1200 AD) chun cinn; agus léiríonn sé, leis, *literati* na linne sin a bheith ag luí amach ar a dteangain dhúchais a úsáid mar mheán scríte. Deineadh mórchuid cuimsitheoireachta agus mórán múnlála ar abhar ón Laidean i gcás saothrú ar bheathaí na naomh, ar phrós agus ar fhilíocht eaglasta trí chéile, mar shampla, i gcás na scéalaíochta agus na filíochta, i gcás théacsaí dlí agus i gcás na staireaghrafaíochta.¹ Áirítear, ina theannta san, an tréimhse ón gceathrú aois déag go dtí an séú aois déag mar thréimhse ina raibh tionchar Mhór-Roinn na hEorpa go láidir le rianadh in aistriúcháin go Gaeilge ar abhar leighis agus ar abhar fealsúnachta, ar an naomhsheanchas agus ar théacsaí cráifeacha, ar abhar eolaíochta agus ar an scéalaíocht.² Ní hamháin gur lean tionchar na litríochta clasaicí ar shaothair na Nua-Ghaeilge Moiche,³ ach do bhí chomh maith, aistriúcháin agus cuimsitheoireacht á ndéanamh ar abhar ó litríocht na Fraincise agus ó litríocht an Mheán-Bhéarla.

I dtosach ár gcéid féin, do bhí saothrú an aistriúcháin go Gaeilge ar cheann desna polasaithe teangan ba mhó, b'fhéidir, gur dhírigh *Connradh na Gaedhilge* air agus do bhí páirt nár bheag, gan amhras, ag an Athair Peadar Ua Laoghaire (1839-1920) i gcur

¹ Feic an cur síos in Kenny (1929:11-14, 681-683, 732-744); Tristram (1982: 701-704). Ar an litríocht oileánach a bhí fé anáil an Bhíobla ó thosach na seachtú aoise, feic Bischoff (1966: 205-273).

² Murphy (1961: 34-39); Shaw (1940: 144-157); *idem* (1961: 75-86); Bruford (1969: 11-13); Nic Dhonnchadha (1990: 35-39). Tá suirbhéireacht ghinearálta ar an anáil chlasaiceach trí chéile ar aistriúcháin Ghaeilge anuas go dtí an aois seo agus, fós, ar aistriúcháin ón Laidean i bprós na Gaeilge ón seachtú aois go dtí an ceathrú aois déag le fáil i Stanford (1970: 13-91), i Ní Shéaghda (1984: 107-125) agus i Mac Cana (1989: 77-84).

³ Maidir leis an idirdhealú téarmaíochta idir *Nua-Ghaeilge Mhoch* agus *Nua-Ghaeilge Chlasaiceach*, feic McManus (1994: 335).

i gcrích an pholasaí úd.⁴ Ón uair gur le téarma meafarach ‘an dá arm aigne’⁵ a thagair sé don dátheangachas ní foláir nó chonaic sé saothrú an aistriúcháin mar úirlis an-éifeachtach ann féin. Chuir sé i bhfáth ar an léitheoir gur i dteannta a chéile i dtreo an abhair, seachas a bheith ag teacht salach ar a chéile, a ghabhann an dá theanga faid ar fhaid. Do tháinig san go nádúrtha chuige, ní nach ionadh, mar gur thaitigh sé an dátheangachas, agus do bhí an dá theanga ‘ar áilleacht’ aige agus é ag éirí suas i lár na naoú aoise déag i Lios Caragáin, baile fearainn i bparóiste Chluain Droichead:

... má bhí caoi mhaith agam ar an nGaeluinn a bheith agam ar áilleacht ó'n gcéad neómat n-ar thosnuigh caint ar theacht dom, bhí caoi mhaith agam, leis, ar Bhéarla bheith agam ar an áilleacht gcéadna díreach, ó'n gcéad neómat gcéadna.⁶

Súil siar ar bhlianta a óige atá á chaitheamh ag an Athair Peadar sa chuid seo dá dhírbheathaisnéis, *Mo Sgéal Féin*, nuair a bhí an Ghaeilge go láidir i Múscraí Thiar. Do bhí seans ag an údar ná raibh ag daoine eile sa bhall, go raibh ar a chumas taithí mhaith a fháil ar an mBéarla, leis, agus é ina imeachtaí linbh 's na aosánach ann. Is óna mháthair a fuair sé an Béarla agus is í siúd a chuir leabhair Bhéarla ar fáil dó. Dar leis ar ball agus é glan deich mbliana is trí fichid, ní hamháin gurbh úirlis intleachtúil (nó ‘arm aigne’) an Ghaeilge bhreá a bhí aige, ach tuigeadh dó chomh maith go raibh a mhacasamhail de úirlis sa Bhéarla breá, leis, aige; agus toisc go raibh cumas sa dá theangain aige, ní ag trasnaíocht ar a chéile ná ag baint óna chéile a bhídís, ach is amhlaidh a bhídís ag cur is ag cabhrú lena chéile i gcónaí aige:

Bhí ana sheans orm-sa pé 'r domhan é. Bhí idir Bhéarla agus Gaeluinn agam os cionn mo chliabháin. Mura mbéadh an áit 'n-ar rugadh agus 'n-ar tógadh mé, ámhthach, ní bhéadh an Ghaeluinn agam, agus mura mbéadh an mháthair a tugadh dom ní bhéadh an Béarla agam. Agus féach, mura mbéadh idir Ghaeluinn agus Béarla do bheith agam mar atáid, ní bhéadh aon bhreith i n-aon chor agam ar an obair a dhéanamh atá déanta agam. Pé feabhas fé leith a bhéadh ar an mBéarla agam, ní thabharfadh sé aon chumas dom ar an nGaeluinn do ghlacadh mar arm aigne agus do láimhseáil mar arm aigne. Is amhlaidh a bhéadh an Béarla a'm chur amú sa láimhseáil sin. Pé feabhas fé leith a bhéadh agam ar an nGaeluinn bhéadh an cur amú

⁴ O'Leary (1994: 355-399).

⁵ Ua Laoghaire (1915: 30-36).

⁶ Ua Laoghaire (1915: 32).

céadna aici-si 'á dhéanamh orm i dtaobh an Bhéarla. Ach do fuaras greim fé leith ar gach arm de'n dá arm aigne, agus eólus fé leith ar conus gach arm acu do lámhseáil; ansan, i n-inead bheith ag cur a chéile amú orm, is amhlaidh a bhíd siad ag cabhrughadh le n-a chéile agam.⁷

Ní féidir 'cheal slí anso aon iniúchadh cóir a dhéanamh ar an aistriúchán trí chéile go Gaeilge ná ní féidir, fiú amháin, saothar aistriúcháin an Athar Peadar féin a phlé.⁸ Is féidir meafar an dá arm aigne, ach gan ionannas cumais ná an greim fé leith úd an Athar Peadar orthu araon a bheith i gceist i gcónaí, b'fhéidir, a choimeád, áfach, agus iniúchadh á dhéanamh anso ar an saothar aistriúcháin (go Gaeilge agus go Béarla) a chuir scríobhaithe ar fáil i lámhscríbhinní déanacha na Gaeilge. I gcomhthéacs sheachadadh téacsáí i lámhscríbhinní de chuid an ochtú agus an naoú chéid déag, is minic a díritear aird ar mheath na Gaeilge sa tréimhse sin – go deimhin, is é an focal *decline* a bhíonn in ócáid i gcúntaisí go minic mar chur síos ar ar tharla sa dá chéad san.⁹ Is áirithe, gan dabht, go gcaithfear ceann a thógaint don phróiséas teangeolaíoch, go háirithe nuair a bhí impleachtaí móra ag an bhforás a tháinig ar an mBéarla do chúrsaí litearthachta an phobail in Éirinn san am san. Dob fhéidir a áiteamh leis, áfach, toisc *miasma* áirithe na díultachta a bheith ag baint le lipéad an mheatha, go n-ionannófaí comharthaí eile athraithe san ochtú agus sa naoú céad déag leis an scrios a deineadh ar an nGaeilge.¹⁰ I gcomhthéacs na lámhscríbhneoireachta dob fhéidir go bhféachfaí ar an méadú a tháinig ar mhéid an Bhéarla i lámhscríbhinní na tréimshe seo mar chomhartha ar an mbrú a bhí ar scríobhaithe cúl a thabhairt lena ndúchas féin. Go deimhin, dob fhéidir go n-áiteofaí ina theannta san gur comhartha ar umhlú na scoláireachta liteartha Gaeilge é aistriúcháin go Béarla, mar shampla, a bheith á ndéanamh ag na scríobhaithe. Oireann fós, dá réir sin, meafar an dá arm aigne sa chur síos ar shaothrú an aistriúcháin trí chéile ón dara leath den seachtú aois déag agus isteach sa naoú aois déag: díríonn sé aird ar phróiséas inmheánach na haigine. Cuid den dtoradh ar an athrú intleachtúil ab ea é leis, ní foláir, aistriúcháin a bheith á gcur ar fáil.

⁷ Ua Laoghaire (1915: 35-36). Cumas comh-dhátheangach, nach mór, a bhí i gceist, ní foláir; feic Morrison (1958: 287-290) agus Ó Murchú (1970: 13). Tá cuntas cuimsitheach ar an dtrasnaíocht idirtheangach i Weinreich (1968). Táim buíoch den Dr. Roibeárd Ó hÚrdail, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, as tagairt Morrison agus as tagairt Weinreich anso.

⁸ Feic Ó Cuív (1954: 33-34), mar shampla, mar a dtugtar liosta d'aistriúcháin an Athar Peadar.

⁹ Mar atá i Durkacz (1983), Hindley (1990) agus Wall (1969), mar shampla.

¹⁰ Feic Connolly (1996: 93-94).

Do bhí, chomh maith, ceist an aitheantais nó, go deimhin, ceist an fhéin-aitheantais, agus na tuiscintí i leith an chultúir Ghaelaigh ag athrú de réir a chéile in Éirinn san ochtú agus san naoú aois déag,¹¹ sa tslí is nach féidir, go minic, roinniúint ghlan a dhéanamh ar an bpobal de réir lipéadaí ar bhonn Caitliceach – Protastúnach, nó Gael – Angla-Éireannach, mar shampla. Oireann sa chás so leis, dar liom, meafar an dá arm aigne a bhí “ag cabhrughadh le n-a chéile” síoraí, don ochtú agus don naoú aois déag, mar gur léiriú é ar dhá thraidisiún teangeolaíochta a bhí fáiscithe ina chéile agus ag druidiúint i dteannta a chéile i dtreo an abhair chéanna.

San aiste seo, ba mhaith liom aistriúcháin a cuireadh ar fáil ó dheireadh na seachtú aoise déag go dtí *circa* 1830 a lua is a phlé beagán, aistriúcháin, go deimhin, go raibh an-bhaint ag an gcléir chaitliceach lena gcur i gcrích. Is a d'iarraidh roinnt tuiscintí a fháil ar mheon an phobail ón saothrú so is mó a bhead. Ní ar an dtéacs féin a dhíreod, don chuid is mó – ní hí an láimhseáil ná, go deimhin, an líomhadh a dheineann gach teanga fá seach ar an mbunabhar, ach comhthéacs sheachadadh na litríochta, is mó is suim liom. Chun go bhféadfaí teacht ar thuiscintí áirithe ar an gcomhthéacs so, áfach, díreofar beagán, mar thosnú, orthu súd a bhí gníomhach ‘ón dtaobh istigh’, i.e. orthu súd a bhí rannpháirteach i saothrú na litríochta, agus ar an gcur chuige a bhí acu faid is a bhíodar i mbun pinn. Más ar phearsain atá an bhéim, agus ar a gcomhthéacs cultúrtha, cúngaítear dá réir ar an anailís.¹² Scríobhaithe agus scoláirí i gceanntar Chorcaí, cuid dár chuireadar ar fáil i bhfoirm aistriúchán agus cuid de sna cúinsí a bhí ann chun go bhféadfaidís a gcuid oibre a chur i gcrích is mó a bheidh i gceist anso;¹³ agus beagán eile leis – foirmeacha fé leith teangan a bheith in úsáid, mar shampla.

2. Na hAistriúcháin go Gaeilge:

Téacsáí cráifeacha agus beathaí naomh abhar na n-aistriúchán a deineadh go Gaeilge sa tréimhse ó dheireadh an tseachtú chéid déag. Is léiriú iad na saothair seo ar an gceangal an-dhlúth a bhí ann idir an chléir chaitliceach, na scríobhaithe agus

¹¹ Feic Breatnach (1965: 88-97); Beckett (1986: 424-470); Deane (1987: 90-113); Flanagan (1989: 482-522); Leerssen (1996: 294-376).

¹² Ar an modheolaíocht so, feic mar shampla Geertz (1973: 3-30).

¹³ Baineann an ghné seo le mo chuid taighde féin a bhí á dhéanamh agam don dtionscnamh *Mündlichkeit und Schriftlichkeit in der irischen Literatur* fé cheannas an Ollaimh Hildegard L.C. Tristram., Albert-Ludwigs-Universität, Freiburg i. Breisgau, i.e. Ní Úrdail (le foilsíú).

scoláirí, iad ar fad ag oibriú chun abhar nua a thabhairt isteach sa Ghaeilge. Is féidir a áireamh ar fhianaise na lámhscríbhinní, ina theannta san, go raibh tuiscint ann go gcaithfí leanúint den obair a bhí tosnaithe cheana féin i dtosach na seachtú aoise déag ag na Proinsiasaigh ar Mhór-Roinn na hEorpa chun leabhair chráifeacha a chur ar fáil as Gaeilge.¹⁴ Do bhí anáil theagasc Chomhairle Thrionta (1545-1563) dulta i bhfeidhm go mór ar an saothrú litríochta Gaeilge i gceanntar Chorcaí agus do mhair san go láidir i gcaitheamh na hochtú aoise déag. Do bhí an bailiúchán, an t-athchóiriú agus an cur le chéile ar siúl go tiubh. Is mar seo a chuir Eoghan Ó Caoimh (1656-1726) é nuair a bhí sé ag tosnú ar an bpeannaireacht:

Do bhrígh umorró gur chuireas reómham gach ní dá bhfaghainn do sgríobhadh a leabhraibh 7 dhá leath do dhéanamh dom shaothar is gach diadhacht 7 gach ní do bheanfadh lé slánúghadh ár n-anman do chur a n-aon obair .i. san leabhar so, 7 gach finnsgeáluígheacht 7 gach caitheamh aimsire eile saoghalta do chur a leabhar eile go cinnte. Annois tráth a n-ainim Dé cuirfíod ann so gach dán diadhachta dá bhféadfadh do léaghadh nó do sgríobhadh do réir mo dhíthchill. Gidheadh ná tabhradh léaghtóir ar bith guth oirimh tré gach dearmad 7 tré gach droch-chur síos dhá ndéinim de bhrígh nach mé as cionntach acht luas láimhe et easbadh eoluis 7 cúram an tshaoghail dom thoirmeasg.¹⁵

Is baolach ná fuil aon tuairisc inniu ar an bprós sa leabhar diagachta atá luaite anso ag an scríobhaí. Is féidir a mheas, áfach, gur dócha go raibh a leithéid de leabhar próis ann tráth dá raibh agus go raibh teacht ag scríobhaithe eile ar an abhar cráifeach a bhí ann.¹⁶ Dá éagmais sin, is dóigh liom go dtaispeáineann ráiteas Uí Chaoimh meon a bhí coitianta i measc scoláirí a bhí ag obair i gceanntar Chorcaí ó dheireadh na seachtú aoise déag agus go ceann leath chéad éigin bliain ina dhiaidh sin. Ina theannta san, do bhí an-choidreamh idir Ó Caoimh agus an chléir chaitliceach – go deimhin, dhein sagart de féin, leis, i dtreo deireadh a shaoil.¹⁷ Dob fhuirist dó, dá chionn san, teacht ar bhunshaothair chráifeacha as Laidean. Is baolach ná fuil aon fháil inniu ar

¹⁴ Feic Ó Cléirigh (1935); Ó Maonaigh (1962: 189-190); Ua Súilleabháin (1990); Canny (1982); Breatnach (1997: 136-139).

¹⁵ ARÉ LS 24 L 6, lch. 2. Níl aon dáta curtha ag Ó Caoimh féin leis an lámhscríbhinn seo ach de réir nóta ó Sheán Ó Dálaigh ar leathanach tosaigh an imleabhair, “This vol. was written A.D. 1679”; feic an cuntas in O’Rahilly, Mulchrone, *et al.* (1926-1970: 45-47).

¹⁶ Díol suime is ea é, mar shampla, go dtugann nóta ó Sheán Ó Conaill (*fl.* 1760) le fios gur bhain sé cuid den abhar cráifeach i KI LS 19 as eiseamláir de chuid Eoghan Uí Chaoimh; feic de Brún (1972: 54). Tá cuntas ar Ó Conaill maraon le liosta dá chuid lámhscríbhinní in Ó Conchúir (1982: 46-48).

¹⁷ Tá cuntas cuimsitheach ar an bhfile agus ar an scríobhaí so, agus ar a chuid lámhscríbhinní in Ó Conchúir (1982: 33-36).

aon phrós cráifeach ina lámh, ach tá ar a shon san, fianaise ann nach mar sin a bhí tráth dá raibh. Timpeall na bliana 1700, do dhein Ó Caoimh cóip d'aistriúchán nua-aimseartha Gaeilge ar *Beatha Bharra ó Leabhar Uí Chruimín*. Baineann an fhoinsé seo leis an gcéad cheathrú den seachtú céad déag ach is baolach ná fuil fáil feasta air.¹⁸ Díol suime is ea é gur mar chuid de dheascán d'aistriúcháin nua-aimseartha Gaeilge a deineadh ar bheathaí naomh eile atá *Beatha Bharra* le fáil i lámhscríbhinní Gaeilge ón ochtú agus ón naoú aois déag. Is iad na beathaí atá i gceist ná:

Beatha Phádraig ¹⁹	Beatha San Ciarán Saighre ²⁰
Beatha Dhéagláin	Beatha Mhochuda
Beatha San Tomás Chantairbuirí	Beatha Bharra
Beatha Alexius Naomh	Beatha Mhairéada
Beatha Naomh Brighid ²¹	Beatha Fhionáin

Tá trí lámhscríbhinn is fiche, ar a laghad, gur breacadh an cnuasach céanna so iontu, a bheag nó a mhór, i gceanntar Chorcaí idir 1740 agus 1850.²² Is i lámh an fhile agus an scríobhaí Seán Ó Murchadha na Ráithíneach (1700-1762) atá na cóipeanna is luaithe den chnuasach aistriúchán ar na beathaí naomh so.²³ Níorbh aon iontas é a mheas go raibh na haistriúcháin chéanna (nó cuid díobh, b'fhéidir) mar chuid de leabhar diagachta próis Uí Chaoimh a luadh ó chianibh anso.²⁴ Pé ar domhan é, do bhí dlúthbhaint ag an dá scríobhaí leis an gcléir chaitliceach agus do bhíodar go gníomhach ag cosaint agus ag caomhnadh an chreidimh Chaitlicigh i scríbhinn. Is fé chomaoin ag Eoin Baiste Mac Sleighne, Easpag Chorcaí agus Chluana (1693-1712) go speisialta, a bhí Ó Caoimh, mar shampla; agus is léir ina chuid

¹⁸ Ó Riain (1994: 190-192; 222).

¹⁹ *Vita S. Patricii (circa 1185)* leis an gCistéirseach Sasanach Jocelin; feic Kenny (1929: 19, 347-348); Sharpe (1991: 33, 209-210, 271-272).

²⁰ Tá an t-aistriúchán nua-aimseartha so atá curtha in eagar ag O'Grady (1892: 1-16) ó Eg. LS 112, bunaithe ar an mbeatha Laidine sa *Codex Kilkenniensis (circa 1400)*; feic Flower (1926: 444-445).

²¹ Tugann Plummer (1925: 182) an treas beatha Éireannach ar an leagan so.

²² Áirithe in Ní Úrdail (le foilsíú).

²³ Le fáil anois i ARÉ LS 23 M 50, lgh. 1-154 (1740-1741), ARÉ LS 24 L 11, ff. 9r-34r (1757-1758) agus CF LS 24, lgh. 251-489m (1760-1761). Tá cur síos ar na lámhscríbhinní seo le fáil in O'Rahilly, Mulchrone *et al* (1926-1970: 2876-2879, 362-364) agus in Ó Fiannachta (1978: 106-110), fá seach. Tá cuntas ar Ó Murchadha na Ráithíneach agus ar a shaothar in Ó Conchúir (1982: 167-172).

²⁴ Is ceart a rá ag an bpointe seo nach ar bhunfhoinsé (nó ar bhunfhoinsí) atá ár n-aird anso, ná ar an múnla a dhein scríobhaithe aonair ar na cóipeanna aonair. Níor mhór chuige sin iniúchadh anmhion a dhéanamh ar theanga agus ar stíl na n-aistriúchán aonair.

filíochta an dlúthbhaint a bhí ag Ó Murchadha na Ráithíneach le sagairt ina pharóiste dúchais, i gCarraig na bhFear.²⁵

Nuair a cuirtear saothair chráifeacha eile próis san áireamh tuigtear cad é a ghníomhaí a bhí na an chléir i scoláireacht na Gaeilge i gCorcaigh ón dara leath den seachtú céad déag amach, agus fós, cad é freagracht a ghlac buíon bheag scoláirí orthu féin san obair seo. Chuimsigh an tAthair Domhnall Ó Colmáin (*fl.* 1680) a shaothar teagascach *Párlíament na mBan* timpeall na bliana 1670 agus arís mar leagan leasaithe sa bhliain 1697, ón Laidean agus ón Meán-Bhéarla.²⁶ Dob é an tAthair Conchubhar Mac Cairteáin (*ob.* 1737) a d'aistrigh teagasc críostaí Caitliceach ón Laidean go Gaeilge fén dteideal *Agallamh na bhFíoraon* uair éigin timpeall na bliana 1700.²⁷ I gCorcaigh sa bhliain 1721 is ea a d'aistrigh Séamus Ó Broin (*fl.* 1730) leagan Béarla de *Doctrina Christiana* go Gaeilge.²⁸ Foilsíodh tráchtas ar an bhfaoin, dar teideal *Eagna Fhirinneach*, i gCorcaigh sa bhliain 1736, a d'aistrigh an tAthair Seán mac Diarmada Ó Briain (*ob.* 1752) ó aistriúchán Béarla ar an mbunsaothar Iodáilise.²⁹ Sa bhliain 1755 do chuir Tadhg Ó Conaill (*ob.* 1779), príor Mhainistir Chairmilíteach Chionn tSáile, a aistriúchán ar shaothar aithríoch próis ar fáil ón bhFraincis fén dteideal *Trompa na bhFlaitheas*.³⁰

Aimsir chíorthuathalach na bPéindlithe a bhí ann nuair a díriodh go háirithe ar dhíscíú na cléire Caitlicí: idir na blianta 1697 agus 1709 cuireadh ceithre mhór-Acht i gcoinnibh na cléire i bhfeidhm.³¹ B'as an gcomhthéacs guagach sóisialta so a d'eascair na haistriúcháin agus tá a rian san le braith ar a raibh le rá ag a n-údair. Sa réamhrá a

²⁵ Feic Ó Conchúir (1982: 171, 216-218); Ó Conchúir (1983: 88-94); Bolster (1989: 13-33).

²⁶ Curtha in eagar, maraon le réamhrá, nótaí teangan agus foclóir ag Ó Cuív (1952). Ar na cosúlachta idir aistriúchán Uí Cholmáin agus ceann de *Colloquia Familiaria*, an *Senatulus*, le Erasmus (*ob.* 1536) feic Stewart (1966: 135-141); feic, leis, Ó Dúshláine (1982: 183-198), mar a bpléitear téamaí an Mheán-Bhéarla sa tsaothar agus anáil an Bhíobla air.

²⁷ Ó *Hortus pastorum sacrae doctrinae floribus polymitus* (Mons, 1626-1627) leis an sagart Pléimeanach Jacques Marchant (*ob.* 1648). Tá an réamhrá agus caibidilí 17-18 den aistriúchán Gaeilge foilsithe in Ó B. (1913: 34-36) agus in Ó Súilleabháin (1961-1963: 26-34), fá seach.

²⁸ Anois i LS Eg. 158, ff. 14r-26r. Tá cuntas ar an scríobhaí seo, gur shagart é, is cosúil, agus ar a shaothar lámhscríbhinn in Ó Conchúir (1982: 32). Ó Diego de Ledesma (*ob.* 1575), Íosánach ón Spáinn, a tháinig an bunsaothar; feic Flower (1926: 221, 588).

²⁹ Foilsíodh an t-aistriúchán Béarla is luaithe de *La Vera Sapienza* le Giovanni Pietro Pinamonti (*ob.* 1703) sa bhliain 1699, de réir dealraimh (Flower 1926: 460). Ní foláir nó bhí iarraidh ar an saothar so in Éirinn: tá leagan eile Gaeilge ón mbliain 1717 i LS TCD 1364 (H.4.23), i lámh Thaidhg Uí Neachtain (*ob.* 1750), mar a ndéirtear gur ó Sheán Ó Neachtain (*ob.* 1728/9), athair an scríobhaí, an t-aistriúchán (lgh. 1-104). Foilsíodh leagan eile fós i gCorcaigh sa bhliain 1795 (Fenning 1995: 142-143) a d'aistrigh Seán Máistir Ó Conaill (*fl.* 1800) ó Bhaile Bhúirne.

³⁰ Ó *La Trompette du Ciel* (Paris, 1661) le Père Antoine Yvan (*ob.* 1653), curtha in eagar maraon le réamhrá, nótaí agus foclóir ag O'Rahilly (1955).

³¹ Feic, mar shampla, "An Cúlra Staire" in Heussaff (1992: 16-49).

chuir sé lena eagrán leasaithe de *Párlíament na mBan* i 1697 chuir Domhnall Ó Colmáin síos ar staid na tíre nuair

[ná] raibh aoneasbog Catoilice Rómhánach ar fud na hÉirionn uile, nó go ttáinig Eóin Baisti Mac Sleidhne tar fairrge, et an tan soin do bhí an aimsir comh buadhartha, na heascáirde comh fuathmhar, et na hÉirionnaig cómh tais comh laigbhríoghach sin go rabhadar faitchiosach fá aoineasbog d'fhulang iná do bheith a' tathaidhe ionna ttighthibh d'eagla go ccumfuidhe plot nó tréason orra ...³²

Fé phátrúntacht an Easpaig, más ea, dhírigh roinnt scoláirí agus scríobhaithe ar shaothair a chur ar fáil, i bhfoirm aistriúchán. Toisc an cosc a cuireadh ar leabhair chráifeacha, do bhí easpa bunabhair ar an gcléir féin agus is leis an smugléireacht, is léir, a tugadh leabhair isteach ón Mór-Roinn.³³ Do bhí gá le habhar teagaisc acu súd a bheadh i mbun an chreidimh a chaomhnadh, ag an gcléir féin. Is ar a gcomhleacaithe Caitliceacha a chaithfeadh na húdair cuimsiú ar dtúis, más ea, mar a léirigh an tAthair Mac Cairteáin “chuim cléire na hÉirionn” ina réamhrá le *Agallamh na bhFíoraon*:

ó 'siad oidídhe múinte agus Trompadóirídhe fromhtha na Fírinne iad, is cóir dóibh airtioguilídhe an chreidimh atá a ccré na napstal do mhúine do na Críostuighthibh; ó siad teagasgóirídhe agus lóchranna lonnracha an chreidimh iad, is oircheas dóibh na húrnuighthe is féarr air bith .i. an phaidior do theagasg do na poibliochoibh; ó siad stiúróirídhe agus feadhmannuicc an Áird-rígh iad, atá d'fhiachuibh ortha aithne reacht agus dlíge Dé do chraobhsgaoile ... Chuige sin do dhéanamh agus do ghníomhghnáthúgha, do gheabhuid siad coghnámh mór san leabhar so maille re na míniúgha, le na léaghamh no le na chur da léaghamh do na poibliochoibh ... Sibhsi, iomorro, a Eagluis Dé, a choinnsiléirídhe na bhFlaitheas, a lucht maithfe an pheaca, agus a lucht díbeartha na ndeamhan agus a lucht déanta na bhfeart agus na míorbhuillidhe, cuirim an leabhar so air bhúr ccomuirce agus fá bhúr mbreithiomhnas.³⁴

Ón gcur síos ar *Eagna Fhírinneach* is léir an gá a bhí le treoir a chur ar an bpobal léitheoireachta so agus, dá réir sin, ní hamháin go raibh an téacs Béarla agus an t-aistriúchán Gaeilge i dteannta a chéile ach do chuir an tAthair Ó Briain roinnt rialacha ar fáil don léitheoir mar thaca leis an léitheoireacht as Gaeilge.³⁵ Is i dteannta a chéile chomh maith a chuir Séamus Ó Broin na leaganacha Gaeilge agus Béarla de *Doctrina*

³² Ó Cuív (1952: 4).

³³ Feic an cuntas ag Brady (1951-1957: 33-34) ar leabhair a shealbhaigh na húdaráis (i Londain ?) agus iad á dtabhairt an cuan isteach fé cheilt i Samhain na bliana 1719.

³⁴ Ó B. (1913: 35-36).

³⁵ *Eagna Fhírinneach – True Wisdom* go bhfuil cur síos air i Dix, Ua Casaide (1905: 9)

Christiana “chum usaide an aois óig 7 Catoilice neamh fhoghluma”.³⁶ Is léiriú é seo, is dóigh liom, ar na fadhbhanna praiticiúla a bhain le tártháil théacsaí don chléir chaitliceach: má bhí léitheoireacht acu, níor fhág san go raibh léamh an chló Ghaelaigh acu. Go deimhin, cuireann an tAthair Ó Conaill i bhfáth ar an léitheoir (sa chás so, ar Shéamus de Buitléir Ardeaspag Chaisil) i mbrollach *Trompa na bhFlaitheas*, gur ghnás ag an mbeagán é, ag an gcléir amháin, an téacs a léamh go príobháideach, agus go léifidís san an saothar amach ansan ós árd don phobal:

... ar mhodh nách féidir, faoi phéin báis, príosúntacht nó díbiorrtha, nuimhir aco do theacht i bhfochair a chéile ar aonbhall chum fundameint a gcreidimh agus slighe a slánaighthe do chlos agus d'fhagháil ón mbeagán dárab eól a dteagasg, do-chonnarcas dam, dá bhrígh sin, a Thighearna, (ar aithris mórniumhir d'aithreachaibh fíorfhoghlamtha d'Órd naomhtha Naomh Proinsias d'fhág mórán agus do chuir amach do leabhraibh deightheagaisg Críostamhla deighriartha i nGaidheilge nó i dteangain ár máthar ar reacht Dé do choiméad agus a shlighe do shiubhal ar an modh do theagaisg Críost), an leabhrán beag Fraincise si dá ngoirthear ‘*La Trompette du Ciel*’, ... do chur síos ar an seóladh do-chí sibh reomhaibh ...³⁷

Is féidir a áiteamh, mar sin, gur ar mhaithe le abhar seanmóna a bheith ar fáil a bhí na haistritheoirí seo nuair a bhíodar i mbun pinn.³⁸ Dá chomhartha san, seachas gontacht teanga an bhunleagain, faightear, ní nach ionadh, eilimintí tábhachtacha an *ars praedicandi* – an t-athrá síoraí, an fhoclaíocht raidhsiúil agus leaganacha cainte curtha le chéile ar mhaithe leis an gcluais – san aistriúchán Gaeilge. Go deimhin, ní eile nach ionadh, bhí cáil ar an Athair Conchubhar Mac Cairteáin mar óráidí agus mar sheanmóiní ina pharóiste dúchais, i gCarraig na bhFear. Tá dhá sheanmóin dá chuid i gcló a thairgíonn ar abhar clasaiceach, ar abhar ón mBíobla agus ar sheanfhocail ón Laidean agus ón bhFraincis.³⁹

Nuair atá áireamh á dhéanamh ar phróiséas glactha na seanmóintí agus ar shealbhú an abhair iontu, is féidir dhá bhuíon a dhéanamh de phobal a sealbhaithe. Tá, ar thaobh amháin, an lucht liteartha, an chléir féin, a bhí ag foghlaim (d'ainneoin deacaireachtaí a bhain le léamh na teangan) as na saothair Ghaeilge tré mheán na léitheoireachta agus ag cur lena n-eolas spioradálta ar shlí nua ina dteangain dhúchais

³⁶ sic LS Eg. 158, f. 14r. Tá an teagasc críostaí le fáil ar ff. 14r-26r sa lámhscríbhinn.

³⁷ O'Rahilly (1955: 3). Tiomnaítear an saothar do Shéamus de Buitléir a d'oibrigh mar Chóidiútar i nDeoise Chaisil ón mbliain 1750 ach gur dhein Ardeaspag Chaisil de sa bhliain 1757 (O'Rahilly 1955: xi).

³⁸ Ní Shéaghdha (1984: 14-15).

³⁹ Feic Ó Dúshláine (1996: 94-95). Tá seanmóintí an Athar Conchubhar i gcló i *SMN* (1906: 142-154, 184-194).

féin. Próisneas príobháideach, go bhfuil gaol ceachtartha idir an saothar agus an léitheoir ann faid ar fhaid, atá i gceist anso. Is ar an aithris agus ar an éisteacht, leis, áfach, atá *forum* na seanmóna bunaithe ar an dtaobh eile agus caithfear, dá réir sin, an teacht in eolas poiblí a chur san áireamh, chomh maith céanna, i gcás an phobail, ar abhar a aistríodh agus a fáisceadh as an nua. Tá leidí á dtabhairt ar an bpróisneas comhlántach so i measc pobal léitheoireachta agus pobal éisteachta, braithim, sa chaoineadh a dhein Seán Ó Murchadha na Ráithíneach sa bhliain 1737 ar a mhúinteoir agus ar a chomhairleoir liteartha, an tAthair Conchubhar Mac Cairteáin:

Ba dheacair seasamh i mbeartaibh an léighinn leis;
Do bhí sé feasach i Laidin 's i nGréigis;
Do bhí sé cliste chun tuigsiona an Bhéarla,
Frainncis, feallsamh, Eabhradh is Gaedhilg.

Do bhí sé in' fhile chomh milis le héinne
ins na teangthaibh do mheabhruigh le chéile,
'na dhiadhaire 'na liaigh is 'na chléireach
's 'na dhíospóir creidimh le heircigh thréana.⁴⁰

Tá anso againn cur síos ón bhfile ar an aithne phearsanta a bhí aige ar a shagart paróiste mar dhuine liteartha agus mar phátrún. Is uaidh a d'fhoghlamaigh Ó Murchadha teangacha iasachta agus is minic ina chuid dánta ar an Athair Mac Cairteáin é ag tagairt don dteagasc a fuair sé i gcúrsaí léinn nuair a stiúraigh an sagart ar na leabhair é.⁴¹ Díol suime is ea é, mar shampla, gur i lámh Uí Mhurchadha na Ráithíneach atá na leaganacha lámhscríbhinne is luaithe de *Agallamh na bhFíoraon*, saothar Mhic Cairteáin féin, agus de *Párlíament na mBan* (ó eiseamláir a fuair an scríobhaí ón sagart, is cosúil) agus fós den *Eagna Fhírinneach*.⁴² Is ón dtaobh istigh atá an fhéachaint ar an scoláireacht sa chaoineadh anso fé mar a chleacht Ó Murchadha í. Tuigtear go raibh scríobhaithe agus an chléir chaitliceach araon

⁴⁰ Torna (1954: 290).

⁴¹ Feic, mar shampla, na tagairtí dá chuid i Torna (1954: 4, 11, 50, 51, 289, 291).

⁴² Tá an chéad dá shaothar le fáil i LNE LS G 429, lgh. 111-191 agus lgh. 223-276 (1722-1723), fá seach, agus *Eagna Fhírinneach* i M M LS 83(a), lgh. 1-98m (1739). Feic an cur síos ar na lámhscríbhinní seo i Ní Shéaghdha (1986: 76-82) agus in Ó Fiannachta (1966: 70-72), fá seach. Maidir leis an eiseamláir a fuair an scríobhaí ar iasacht ón Athair Mac Cairteáin, feic Ó Conchúir (1982: 306, n. 216).

rannpháirteach, ina slí féin, i mbuanú an léinn i bparóiste Charraig na bhFear ó thosach na hochtú aoise déag.⁴³ Is mar fhile a bhí an tAthair Mac Cairteáin i mbun pinn agus do bhí coidreamh aige ar chúirteanna filíochta ina pharóiste.⁴⁴ Ach is mar stiúraitheoir mórálta a bhí aithne ag paróisteánaigh Charraig na bhFear ar an bhfear céanna. Lasmuigh de réimse na scoláireachta, más ea, do bhí an ról poiblí, leis, i gceist, an sagart mar dhiagaire agus mar thréadaí ag stiúradh a phobail lena chuid seanmóna.

Ag féachaint dúinn ar sheanmóintí tré chéile mar chuid de sheachadadh litríocht na Gaeilge san ochtú agus san naoú aois déag, tá, is fíor, léargaisí dá gcuid féin le tabhairt acu ar litearthacht as Béarla agus as Gaeilge in Éirinn. Ó thaobh na teangan de luann eagarthóir *Párlíament na mBan* na hiasachtaí nua a tháinig ón mBéarla isteach i nGaeilge Iarthar Chorcaí, cuid acu so a thaispeáineann an táirigiúlacht theangeolaíoch a mhair go ceann i bhfad i measc cainteoirí Gaeilge ann.⁴⁵ Agus, go deimhin, ní miste an litriú foghrúil agus litreacha rómhánúla go mbaintí úsáid astu sna scríbhinní seo a lua chomh maith.⁴⁶ Is cuid den fhianaise ar an litearthacht choiteann é seo, gan dabht, i.e. gurb iad litreacha aibítir an Bhéarla a aithnítear mar ná raibh an cló gaelach chomh fóirleathan san. D'fhan, dá réir sin, litearthacht sa Ghaeilge ag na scríobhaithe agus acu súd a bhí ag leanúint de scoláireacht na Gaeilge.⁴⁷ Do bhí an teangmháil idir an t-abhar nua a bhí á aistriú ó fhoinsí clasaiceacha, ón mBéarla, ón Iodáilis agus ón bhFraincis, agus a mhacasamhail san aistriúchán Gaeilge le feiscint san leagan amach clóghrafach.

Foinse mhaith is ea an t-abhar so do theangeolaithe an lae inniu gur suim leo forás na teangan agus a bhíonn ar thóir na héagsúlachta i gcanúintí na Gaeilge, go háirithe toisc an lipéad úd an mheatha nó *decline* an Bhéarla (fé mar a luadh ó chianinibh anso) a bheith á shamhlú a bheag nó a mhór le staid na Gaeilge san ochtú agus san naoú aois déag. Oscailt súl sa treo san, b'fhéidir, is ea solaoidí raidhsiúla na

⁴³ Feic Torna (1954: viii-xxiii); Ó Fiaich (1975: 30-56); Ó Fiannachta (1987: 152-166); Heussaff (1992: 108-160).

⁴⁴ Ó Conchúir (1982: 318, n. 17)

⁴⁵ Na solaoidí *gabhairnéir*, *traibhléireacht*, *particulárdha* (Ó Cuív 1952: xxxi) go bhfuil a macasamhla le fáil i bhfocail cosúil le *bildéir*, *baidhléir*, *draidhbhéir*, *blofaeir*, *míteáil*, *lúsáltha*, *rabhaindeáltha*, *babhaindeáltha* le fáil raidhsiúil i nGaeilge Chléire i gcónaí, fé mar a bhíodh i mBéarra, agus i gCairbre leis; feic Ó hÚrdail (1995: 71-80).

⁴⁶ Feic, mar shampla, Ó Floinn (1947: 1-6) agus Ó Fiannachta (1974: 167-181).

⁴⁷ Don chuntas is déanaí ar chúrsaí litearthachta in Éirinn i measc an phobail choitinn, feic Ó Cíosáin (1997: 154-169).

héagsúlachta san laistigh den Mhumhain féin i seanmóintí an Athar Muiris Paodhar (*ob.* 1877) ó Ros Ó gCairbre.⁴⁸ Sna sleachta leis anso thíos, mar shampla (as seanmóin dá chuid “do'n aithrighe cuirthe ar cáirde”), tá poinntí deasa le tabhairt fé ndeara a bhaineann le gramadach, agus le fuaimniú is le brí fé leith focal – abhar suime do scoláire na teangan:

... canathaobh n-a dtáinig buairt aigne ar Chríost, 7 n-ar ghoil sé sul a ndearnaidh sé an gníomh san, 7 cé go rinn sé go minic míorbhúilí chomh mór léithi níor tháinig buairt ar ' aigne ná deór le n-a shúil.

ámhthaig, cuirid an tráth so ó am go ham chun go ndúnann Dia amach as aimsir ar fad iad 7 go gceapann dóibh an pianós síorraidhe do thuillid le n-a n-andóchas amadánta. Beireann fearg obann Dé go minic ortha, sa chás san ná bíonn spás aca ar aithrighe do dhéanamh ina bpeacaí ná ar mhaitheamhnas do fhagháil ionnta.

... meallann sé é chun moíll do chur léithi, ag rádh leis gur feárr an chae do bheidh aige ar í do dhéanamh ina dhiaidh *so* 'ná atá láithreach.

Insan tseannrecht do coisceadh fé dhian-mhallacht ar éinne dhá shórt tomhais do bheith ina thig aige – tomhas maith i gcóir a charaid 7 tomhas beag mealltach i gcóir chách eile.

Dá mbeadh dornán bocht sínte i ndíg an bhóthair, leathta ag an bhfuacht, caoch le pluda, fann-lag ó ocras, snuighthe [*sic*] le huireaspa, gan neart ná cumas ann fhéin éirghe choidhche as an staid dona san, agus na ngobhac [*sic*] duine uasal comhachtach an tslighe, dá seasmheach [*sic*] sé os cionn an bhochtáin sin ...

oir, fé mar a bhíd madraí ocrach ag ualthabhairt [*sic* i.e. uallfair] go truaighmhéileach ...

Síneann sé amach chughat an láimh úd do leath an spéir fhairsion ghorm os ár gcionn⁴⁹

Is féidir a áireamh go raibh Mícheál Óg Ó Longáin (1766-1837), file agus scoláire Gaeilge,⁵⁰ ar dhuine desna scríobhaithe ba bhisiúla san ochtú agus sa naoú aois déag. Ní leis an gcóipeáil ná leis an bhfilíocht amháin áfach, a bhíodh sé i mbun

⁴⁸ Ocht gcinn díobh atá againn uaidh (1832-1836), cuid acu aistrithe aige ón bhFraincis faid is a bhí sé ina shagart cúnta i nDroichead na Scuab i nDeoise Chluain Uamha; feic Ó Foghludha (1944: 378-391, 1945: 21-27, 101-113, 161-172, 235-245, 1945: 19-31, 343-352, 415-426); Ó Súilleabháin (1960-1961: 233-236); Ó Dúshláine (1996: 99-100).

⁴⁹ Bainte as Ó Foghludha (1945: 21-27). Díol suime is ea é na focail a d'fhág an t-eagarthóir amach as an dtéacs á gcur, ina ionad san, i nótaí bun leathanaigh. Ní foláir nó níor tháingadar lena chuid féin Gaeilge nó, b'fhéidir, lena chaighdeán i scríobh na teangan: ba chainteoir dúchais Gaeilge é Risteárd Ó Foghludha/Fiachra Éilgeach (*ob.* 1957), de réir dealraimh, a tógadh i gCnoc Chonaill idir Eochaill agus Cill Ia. Tá cuntas beathaisnéise air i Breathnach & Ní Mhurchú (1986: 73-74).

pinn. Is ar aistriúcháin chráifeacha a dhírigh Ó Longáin a aire ina theannta san, sa tslí is gur lean sé de shaothrú an aistriúcháin a bhí ar siúl i gceantar Charraig na bhFear ó dheireadh na seachtú aoise déag. Tá fáil ar sheacht gcinn de shaothair chaitliceacha óna lámh a d'aistrigh sé go Gaeilge ó aistriúcháin Bhéarla ar shaothair bhunaidh Spáinnise, Iodáilise agus Fraincise, agus tá fós dhá cheann eile i lámh Mhíchíl Óig ón Laidean.⁵¹ Is leis an dtréimhse idir 1818 agus 1821, agus arís ón mbliain 1833 go dtí an bhliain 1834 a bhaineann an obair seo agus is dá phátrún Seán Ó Murchadha, Easpag Chorcaí (1815-1847),⁵² a cuireadh i gcrích é. Murab ionann agus na scoláirí ó Charraig na bhFear agus ó bhail máguaird a bhí i bpáirt le chéile ag saothrú téacsáí cráifeacha agus beathaí naomh ar mhaithe le pobal léitheoireachta agus le pobal éisteachta san ochtú aois déag, caithfear a mheas i gcás Mhíchíl Óig, braithim, gur don léitheoir aonair is mó a bhí na haistriúcháin aige á ndéanamh. I gcomhthéacs cathrach a cuireadh an obair seo chun cinn toisc gur mhian leis an léitheoir aonair abhar as Gaeilge a bheith ina leabharlann aige d'fhonn is go bhféadfadh sé a bheith ag léamh na teangan agus á foghlaim chomh maith. Tuigtear chomh maith anso gur as leabharlann phríobháideach an Easpaig,⁵³ ní foláir, a bhí an scríobhaí ag tarrac a chuid foinsí. Go deimhin, is léir ar uairibh tagairtí a thugann le fios gur ó shaothar priondálta go díreach a bhí sé ag obair. Ar leathanach teidil ón mbliain 1819, mar shampla, deir sé gur ón “dara tabhairt amach” de *The Life of Miss Nano Nagle*, seanmóin i bhfoirm paimfléid, a tháinig an t-aistriúchán aige.⁵⁴ Agus fós sa lámhscríbhinn chéanna, deir Ó Longáin gurb é “an deachmhadh cúrsa clódóireachta [é] don leabhar bheag” dar teideal *Four Maxims of Christian Philosophy*, tráchtas Íosánach, a bhí in ócáid mar eiseamláir dá aistrúchán Gaeilge aige agus “do cuireadh

⁵⁰ Tá beathaisnéis an scríobhaí seo, maraon lena chuid lámhscríbhinní, le fáil in Ó Conchúir (1982: 91-133) agus tá an bailiúchán dánta is déanaí dá chuid curtha i geló ag Ó Donnchadha (1994). Tá sé i gceist ag an Ollamh Breandán Ó Conchúir cnuasach iomlán filíochta a thabhairt amach feasta arís.

⁵¹ Tá áireamh déanta ar aistriúcháin Uí Longáin in Ó Fiannachta (1973: 151). Beidh cuntas níos mine orthu, maraon leis na foinsí a ghabhann leo, i Ní Úrdail (le foilsíú).

⁵² Cúntaisí ar an Easpag Caitliceach so in Ó Conchúir (1982: 222-224) agus i Bolster (1989: 229-319).

⁵³ Ceann desna cinn ba mhó dá sórt, is cosúil, san naoú aois déag go bhfuil cuntas uirthi i litríocht thraibhléireachta na h-aoise sin; feic Kohl (1843: 388); Ó Conchúir (1982: 223).

⁵⁴ *The Life of Miss Nano Nagle, as sketched by the Right rev. Dr. Coppinger in a funeral sermon preached by him in Cork, on the anniversary of her death* (Cork, 1794), an chéad eagrán (Fenning 1995: 142). Tá aistriúchán an Longánaigh i LS M M 44 (lgh. 211-268). Dhein Easpag ar dheoise Chluana agus Rois den Dr. William Coppinger (ob. 1831) sa bhliain 1791. Bhunaigh Nano Nagle (ob. 1784), Siúracha na Toirbhirte i gcathair Chorcaí; feic Bolster (1989: 139-140).

a ccló sé huairé fithchiot an Ittáilis é”.⁵⁵ Fianaise is ea obair Uí Longáin ar an aontú a thárla idir mheán na peannaireachta agus an meán priondálta chomh maith. Dob é cumas an scríobhaí féin, go deimhin, a thug an dá mheán le chéile. Ní hamháin go raibh aistriúcháin ar leibhéal na teangan á gcur ar fáil, más ea, ach do bhí, ina theannta san, aistrúchán ar leibhéal eile leis á dhéanamh – ón bpreas go dtí an lámhscríbhinn.

3. An Lámhscríbhinn agus An Clóphreas:

I gcás na n-aistriúchán Gaeilge a soláthraíodh ó dheireadh na seachtú aoise déag i gCorcaigh, ní mór an pháirt a bhí ag an gclóphreas féin i seachadadh na dtéacsáí. Dhá shaothar chráifeacha a cuireadh i gcló san ochtú aois déag. Luadh cheana anso an chéad cheann acu so, an tráchtas ar an bhfaoistin dar teideal *Eagna Fhírinneach* go bhfuil treoir léitheoireachta ann don léitheoir.⁵⁶ D'aistrigh Muirheartach Bán Ó Céileachair (*fl.* 1790), sagart de réir dealraimh, ó Chluain Droichead, *An teagusg creesdeegh* ón mbunsaothar Béarla le Séamus de Buitléir, agus foilsíodh an saothar i gCorcaigh i gcló rómhánúil agus i litriú foghrúil sa bhliain 1792.⁵⁷ Dá laghad é an t-abhar priondálta, léiriú is ea é sin féin, b'fhéidir, ar an ndua agus ar an gcostas plátála a lean an chlóschríbhinn Ghaeilge; agus léiríonn sé, leis, gurbh ionann litearthacht agus cumas litreacha an Bhéarla a aithint, mar a luadh cheana anso. Níor mhó líon na n-aistriúchán Gaeilge a cuireadh i gcló sa naoú aois déag ná sa treimhse roimis sin. Tháinig *Searc-Leanmhain Chríost* amach i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1822, saothar a d'aistrigh an tAthair Domhnall Ó Súilleabháin (*ob.* 1858) ón dtráchtas cráifeach dar teideal *De Imitatione Christi* (1418) le Thomas a Kempis (*ob.* 1471).⁵⁸ Díol suime is ea é gur thiomnaigh Ó Súilleabháin an t-eagrán dá phátrún, “Do'n Athair Seághan Ó Marchaghadh Easbog Fíor-óirbhídeach Chorcaighe ... le mór-urraim agus le lán-bhuidheachas”, mar gheall ar a chabhair – mar gheall ar na costaisí

⁵⁵ *Four Maxims of Christian Philosophy: Drawn from four Considerations of Eternitie Written in Italian by John Baptista Manni: and put into English by W.V. The fourth Impression Printed A.D. MDCLXXV.* Tá cuntas ar Giovanni Manni (*ob.* 1682) agus ar a shaothar i Sommervogel (1894: s.n.). Tá aistrúchán Uí Longáin i LS M M 44 (lgh. 1-119m); feic Ó Fiannachta (1965: 87-89) mar a bhfuil cur síos ar an lámhscríbhinn.

⁵⁶ *Supra* n. 35.

⁵⁷ Tá áireamh déanta ar lámhscríbhinní Uí Chéileachair, maraon le mioneolas beathaisnéise in Ó Conchúir (1982: 40); feic Fenning (1995: 140) mar a bhfuil cur síos ar an dteagasc críostaí. Tá anailís ar theanga an tsaothair in Ó Conchúir (1977: 69-87).

⁵⁸ *Searc-Leanmhain Chríost i gceithre leabhraibh le Tomás a Kempis. Aistrighthe ó'n Laidion mbunadhasach agus coimheasta go dúthrachtach leis na mac-leabhraibh is fearr teist agus is áirde céim i bhFraincis agus i Sacs-Bhéarla*, mar atá ar leathanach teidil an tríú eagráin (1910). Tá cuntas ar an Athair Ó Súilleabháin maraon le liosta de lámhscríbhinní ina láimh in Ó Conchúir (1982: 178-

clóidh a dhíol, b'fhéidir. Ní foláir nó ba mhar théacsleabhar do sna sagairt i Má Nuad a bhí sé i gceist an tráchtas deabhóideach so a chur ar fáil. Má bhí aon bhaint ag an Easpag le cur an leabhair chun an chlópheasa, ní leis an meán san áfach a bhí sé féin i dtaoibh i gcás na n-aistriúchán ó Mhícheál Óg Ó Longáin. Dob fhéidir a mheas gur shaoráidi go mór don phátrún so a scríobhaí a chur i mbun pinn ná meicniúlacht chostasach an chlópheasa. Agus is léir ón gceangal, ón gclúdach leathair agus ó leabharshuaitheantas an ónaera go mba chomhdheas leis an Easpag, ní foláir, lámhscríbhinn mar sin agus leabhar dá bhreáthacht. Ní mór a áireamh mar sin féin, áfach, gur ó fhoinsí a bhí i gcló a thosnaigh próiséas seachadtha na dtéacsaí seo sna lámhscríbhinní.

4. Clabhsúr:

Dúradh sa réamhrá anso go raibh na tuiscintí i leith an chultúir Ghaelaigh ag athrú faid ar fhaid san ochtú agus san naoú aois déag sa tslí is gur scaoilte agus gur leaite go maith é coincheap an aitheantais Éireannaigh san am san. Gné de sin, b'fhéidir, is ea ná raibh doicheall roimh abhar ó theangacha eile – ná aon chur suas don abhar san ach a mhalairt glan. Polasaí teagascach frith-reifirméiseanach a thiomáin scoláirí i gCarraig na bhFear ar chiosa chathair Chorcaí, idir chléir agus scríobhaithe, chun na haistriúcháin a chur ar fáil – saothair chaitliceacha, is fíor, a bhí á gcur ar fáil ag Mícheál Óg Ó Longáin dá phátrún san naoú aois déag. Ach cuireadh abhar nua ar fáil ón iasacht do phobal léitheoireachta agus do phobal éisteachta araon; agus fé mar atá ráite thuas, cuireadh an obair seo chun cinn i gcomhthéacs cathrach chomh maith toisc gur mhian leis an léitheoir aonair abhar as Gaeilge a bheith ina leabharlann aige. Is mó san slí ina raibh an déachas so ag teacht sa tsaol an uair sin. Nár chuid de, leis, ‘an dá arm aigne’ úd an Athar Peadar?

Ciorrúcháin:

- ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath
CF: Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí
Eg.: Bailiúchán Francis Henry Egerton (*ob.* 1829) anois i Leabharlann na Breataine, Londain

182); feic, leis, Ó Háinle (1977-1979: 222-226), agus fós Herbermann *et al.* (1907-1912: *s.n.* Thomas a Kempis).

- KI: King's Inns, Baile Átha Cliath
- LNÉ: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
- M M: Bailiúchán Murphy (Seán Ó Murchadha, Easpag Chorcaí, 1815-1847)
Coláiste Phádraig, Má Nuad
- SMN: *Seanmóiri Muighe Nuadhad*
- TCD: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Liosta Léitheoireachta:

- Beckett, J.C., 1986, "Literature in English 1691-1800", i: Moody, T.W., Vaughan, W.E., ead., *A New History of Ireland. Volume IV: Eighteenth-Century Ireland 1691-1800*, Oxford, lgh. 424-470
- Bischoff, B., 1966 (1954), "Wendepunkte in der Geschichte der lateinischen Exegese im Frühmittelalter", i: Bischoff, B., ead., *Mittelalterliche Studien: Ausgewählte Aufsätze zur Schriftkunde und zur Literaturgeschichte 1*, Stuttgart, lgh. 205-273, athchlóite ó *Sacris Erudiri* 6: 189-279
- Bolster, E., 1989, *A History of the Diocese of Cork From the Penal Era to the Famine*, Cork
- Brady, J., 1951-1957, "Catholics and Catholicism in the Eighteenth-Century Press", in: *Archivium Hibernicum* 16-20: 1-304
- Breathnach, D., Ní Mhurchú, M., 1986, *1882-1982 Beathaisnéis a hAon*, Baile Átha Cliath
- Breatnach, P.A., 1997, *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge*, Má Nuad
- Breatnach, R.A., 1965, "Two Eighteenth-Century Scholars: J.C. Walker and Charlotte Brooke", i: *Studia Hibernica* 5: 88-97
- Bruford, A., 1969, *Gaelic Folk-Tales and Mediaeval Romances*, Dublin
- Canny, N., 1982, "The Formation of the Irish Mind: Religion, Politics and Gaelic Irish Literature 1580-1750", i: *Past and Present* 95: 91-116
- Connolly, S., 1996, "Approaches to the History of Irish Popular Culture", i: *Bullán* 2, uimh. 2: 83-100
- Deane, S., 1987, "Irish National Character 1790-1900", i: Dunne, T., ead., *The Writer as Witness*, Cork, lgh. 90-113
- de Brún, P., 1972, *Catalogue of Irish Manuscripts in King's Inns Library Dublin*, Dublin
- Dix, Mc.E.R., Ua Casaide, S., 1905, *List of Books, Pamphlets, etc. printed wholly, or partly, in Irish, from the earliest period to 1820*, Dublin
- Durkacz, V., 1983, *The Decline of the Celtic Languages*, Edinburgh
- Fenning, H., 1995, "Cork Imprints of Catholic Historical Interest 1723-1804: a Provisional Check-List", i: *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 100: 129-148

- Flanagan, T., 1989, "Literature in English, 1890-91", i: Vaughan, W.E., ead., *A New History of Ireland. Volume V: Ireland under the Union, 1801-1870*, Oxford, lgh. 482-522
- Flower, R., 1926, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library [formerly British Museum] 2*, London
- Geertz, C., 1973, *The Interpretation of Cultures*, New York
- Herbermann, C.G., et al., 1907-1912, *The Catholic Encyclopedia*, London
- Heussaff, A., 1992, *Filí agus Cléir san Ochtú hAois Déag*, Baile Átha Cliath
- Hindley, R., 1990, *The Decline of the Irish Language: A Qualified Obituary*, London
- Kenny, J.F., 1929 (1993), *The Sources for the Early History of Ireland: Ecclesiastical*, New York, athchlóite
- Kohl, G., 1843, *Reisen in Irland*, Dresden, Leipzig
- Leerssen, J., 1986 (1996), *Mere Irish and Fíor-Ghael*, Cork, athchlóite
- Mac Cana, P., 1989, "La traduction des épopées étrangères en irlandais", i: Contamine, G., ead., *Traduction et traducteurs au moyen âge*, Paris, lgh. 77-84
- McManus, D., 1994, "An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach", i: McCone, K., et al., *Stair na Gaeilge*, Má Nuad, lgh. 335-445
- Morrison, J.R., 1958, "Bilingualism: Some Psychological Aspects", i: *The Advancement of Science* 14: 287-290
- Murphy, G., 1961, *The Ossianic Lore and Romantic Tales of Medieval Ireland*, Dublin
- Ní Shéaghda, N., 1984, "Translations and Adaptations into Irish", *Separatum*, lgh. 1-18, Dublin, athchlóite ó *Celtica* 16: 107-125
- Ní Shéaghda, N., 1986, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, fasciculus ix, Dublin
- Ní Úrdail, M., le foilsíú, *The Scribe in Eighteenth- and Nineteenth-Century Ireland: Motivations and Milieu*, Múnster
- Nic Dhonnchadha, A., 1990, "Early Modern Irish Medical Writings", i: *Newsletter of the School of Celtic Studies* 4: 35-39
- Ó B., D., 1913, "Preface to *Agallamh na bhFíoraon*", in: *Irisleabhar Muighe Nuadhad*: 34-36
- Ó Cíosáin, N., 1997, *Print and Popular Culture in Ireland, 1750-1850*, London
- Ó Cléirigh, T., 1935 (1985), *Aodh Mac Aingil agus an Scoil Nua-Ghaeilge i Lobháin*, Baile Átha Cliath, athchlóite
- Ó Conchúir, B., 1977, "Teagasc Chríostaí an Bhuitléaraigh", in: *Éigse* 17: 69-88
- Ó Conchúir, B., 1982, *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850*, Baile Átha Cliath
- Ó Conchúir, B., 1983, "Eoin Baiste Mac Sleighne, Easpag (1693-1712), agus Pátrún ar an Léann Gaelach", i: de Brún, P., et al., ead., *Folia Gadelica*, Cork, lgh. 88-94
- Ó Cuív, B., ead., 1952 (1977), *Párlíament na mBan*, Dublin, athchlóite

- Ó Cuív, S., 1954, “Materials for a Bibliography of the Very Reverend Peter Canon O’Leary 1839-1920”, breis le *Celtica* 2: 3-39
- Ó Donnchadha, R., 1994, *Mícheál Óg Ó Longáin, File*, Baile Átha Cliath
- Ó Dúshláine, T., 1982, “Párlíament na mBan”, i: *Léachtaí Cholm Cille* 12: 183-198
- Ó Dúshláine, T., 1996, “Gealán Dúluachra: Seanmóireacht na Gaeilge c.1600-c.1850”, i: *Léachtaí Cholm Cille* 26: 83-122
- Ó Fiaich, T., 1975, “Irish Poetry and the Clergy”, i: *Léachtaí Cholm Cille* 4: 30-56
- Ó Fiannachta, P., 1965, 1966, 1973, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, fascúil ii, iii, viii, Má Nuad
- Ó Fiannachta, P., 1974, *Léas ar ár Litríocht*, Má Nuad
- Ó Fiannachta, P., 1978, *Clár Lámhscríbhínia lua arís nni Gaeilge. Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh*, fascúil i, Baile Átha Cliath
- Ó Fiannachta, P., 1987, “Deabhóid agus Diagacht Chúirt Éigse na Blárnan”, in: *Irisleabhar Mhá Nuad*: 152-166
- Ó Floinn, D., 1947, “Do Yrá Dé”, i: Pender, S., ead., *Féilscríbhinn Torna*, Corcaigh, lgh. 1-6
- Ó Foghludha, R., ead., 1944-1945, [Sermons by Maurice Power], in: *Irish Ecclesiastical Record* 64-66: 378-391, 21-27, 101-113, 161-172, 235-245, 19-31, 343-352, 415-426
- O’Grady, S.H., 1892, *Silva Gadelica* 1, London
- Ó Háinle, C., 1977-1979, “Notitiae”, in: *Éigse* 17: 221-235
- Ó hÚrdail, R., 1995, “A Native Bound-Morpheme Combines with Fully Nativised Borrowed Morphemes: A Highly Productive Language-Contact Feature in the Irish of Cape Clear”, i: *Teanga* 15: 71-80
- O’Leary, P., 1994, *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921*, Pennsylvania
- Ó Maonaigh, C., 1962, “Scríbhneoirí Gaeilge an Seachtú hAois Déag”, i *Studia Hibernica* 2: 182-208
- Ó Murchú, M., 1970, *Language and Community. Urlabhra agus Pobal*, Dublin
- O’Rahilly, C., ead., 1955, *Trompa na bhflaitheas*, Dublin
- O’Rahilly, T.F., Mulchrone, K., et al., 1926-1970, *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Dublin and London
- Ó Riain, P., ead., 1994, *Beatha Bharra. Saint Finbarr of Cork. The Complete Life*, *Irish Texts Society* 57, London
- Ó Súilleabháin, P., 1960-1961, “Varia”, in: *Éigse* 9: 233-242
- Ó Súilleabháin, P., 1961-1963, “Agallamh na bhFioraon”, in: *Éigse* 10: 26-34
- Plummer, C., 1925, “A Tentative Catalogue of Irish Hagiography”, i: Plummer, C., ead., *Miscellanea Hagiographica Hibernica*, Brussels, lgh. 171-285
- Sharpe, R., 1991, *Medieval Irish Saints’ Lives*, Oxford

- Shaw, F., 1940 (1995), "Medieval Medico-Philosophical Treatises in the Irish Language", i: Ryan, J., ead., *Féil-Sgríbhinn Eóin Mhic Néill*, Dublin, athchlóite, lgh. 144-157
- Shaw, F., 1961, "Irish Medical Men and Philosophers", in: Ó Cuív, B., ead., *Seven Centuries of Irish Learning*, Dublin, lgh. 75-86
- Sommervogel, C., 1890-1911, *Bibliothèque de la Compagnie de Jésus* 1-12, Paris
- Stanford, W.B., 1970, "Towards a History of Classical Influences in Ireland", i: *Proceedings of the Royal Irish Academy* 70 C: 13-91
- Stewart, J., 1966, "Párlíament na mBan", i: *Celtica* 7: 135-141
- Torna [al. Ó Donnchadha, T.], 1954, *Seán na Ráithíneach*, Baile Átha Cliath
- Tristram, H.L.C., 1982, "Das Europabild in der mittellirischen Literatur", i: Löwe, H., ead., *Die Iren und Europa im frühen Mittelalter* 2, Stuttgart, lgh. 697-732
- Ua Laoghaire, P., 1915, *Mo Sgéal Féin*, Baile Átha Cliath
- Ua Súilleabháin, S., 1990, "Sgáthán an Chrábhaidh: Foinsí an Aistriúcháin", in: *Éigse* 24: 26-36
- Wall, M., 1969, "The Decline of the Irish Language", in: Ó Cuív, B., ead., *A View of the Irish Language*, Dublin, lgh. 81-90
- Weinreich, U., 1968, *Languages in Contact. Findings and Problems*, The Hague

Zusammenfassung:

Übersetzungsliteratur in Irland wird weniger mit der Zeit vom Ende des 17. bis zum Anfang des 19. Jhs. als vielmehr mit dem Hochmittelalter verbunden, als Irland intensive Kontakte mit dem Kontinent pflegte und kontinentale bzw. klassische Stoffe ins Irische übersetzt wurden. Sprachliche Adaptation in der Neuzeit wird meistens mit *Connradh na Gaedhilge*, dem *Gaelic Revival Movement*, in Verbindung gebracht. Die "zwei Geisteswaffen", die von An tAthair Peadar Ua Laoghaire (1839-1920), einem der bedeutsamsten Vertreter des *Revival*, bieten sich als eine passende Metapher für den Kontakt zwischen dem Irischen und dem Englischen an: Der Autor bezieht sich damit auf seine linguistisch privilegierte Lage innerhalb der Zweisprachlichkeit in West Cork im 19. Jh. Somit könnte man für den Zeitraum vom Ende des 17. Jhs. bis ins 19. Jh. hinein Übersetzungen und Adaptionen statt als Zeichen des Verfalls eher als Folge zweier einander ergänzender linguistischer Hintergründe betrachten. Dieser Beitrag schildert einen solchen Prozeß, der schon von einer Handschriftenkultur am Ende des 17. Jhs. besonders in der Grafschaft Cork gepflegt und bis ungefähr 1830 weitergeführt wurde. Das Material umfaßt hagiographische Prosa and katholische devotionale Traktate, die ins Irische übersetzt und z.T. auch als Predigttexte benutzt

wurden; diese Werke stammen ursprünglich aus dem Spanischen, dem Italienischen, dem Französischen, dem Englischen und dem Lateinischen. Ferner wird auch die unmittelbare Rolle des katholischen Klerus behandelt, der zusammen mit Schreibern eine "Gegenreformation" bis Ende des 18. Jhs. fortgeführt hat. Im 19. Jh. scheint die Rolle des Übersetzers allerdings auf einzelne Gelehrte und Schreiber beschränkt zu sein, die von dem Interesse eines Mäzens an irischsprachigem Material abhängig sind. Bei der Rezeption nimmt die Funktion des einzelnen Lesers gegenüber der des Hörpublikums an Bedeutung zu. Ein Beispiel hierfür ist der Fall von Mícheál Óg Ó Longáin (1766-1837) und seinem Auftraggeber Seán Ó Murchadha, dem katholischen Bischoff von Cork (1815-1847). Schließlich wird auf die Überlieferung der Übersetzungen selbst eingegangen: Sie erfolgt über das geschriebene, nicht das gedruckte Wort, denn die Anfertigung einer handschriftlichen Arbeit erweist sich selbst in der städtischen Umgebung als effizienter und günstiger.